*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Naíscoil an Chreagáin
## An tIúr

Dáta na Cigireachta: Márta 2007

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil an Chreagáin |
| **Seoladh:** | Áisionad Bhéal Átha an Airgid<br>An Bóthar Nua<br>Béal Atha an Airgid<br>An tIúr<br>Co an Dúin<br>BT35 9PQ |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 1 Márta 2007 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 21 Bealtaine 2001 |

**1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>**

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 15 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 8 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 8 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 0 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 1 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 1 | - |
| **Tinreamh:** | | - |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 81.8% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 0 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 2 | 0 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 0 |

| **Líon: ***** | |
|---|---|
| Mic léinn | 1 |
| Oiliúnaithe | 0 |

*** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| 3½ huaire an chloig | - | 188 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| **Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí:** | 14 |
|---|---|
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 28.6% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 3 |

**NAÍSCOIL AN CHREAGÁIN, ÁISIONAD BHÉAL ÁTHA AN AIRGID, BÉAL ÁTHA AN AIRGID, AN TIÚR, CO. AN DÚIN, BT35 9PQ (5AB-0395)**

1. Ionad réamhscolaíochta lán-Ghaeilge atá i Naíscoil an Chreagáin agus é lonnaithe i bhfoirgneamh saintógtha in Áisionad Bhéal Átha an Airgid. Is ón cheantar máguaird a thagann na páistí.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Tráth na cigireachta ba í an Ceannaire an ball buan den fhoireann a bhí ann agus ba bhaill shealadacha foirne na cúntóirí a bhí aici. Ní bhfuarthas freagraí ach ó na tuismitheoirí; cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht. Is é an tuairim a léiríodh sna freagraí ó na tuismitheoirí go rabhthas thar a bheith sásta le caighdeán an oideachais.

3. Tá éiteas dearfach san ionad réamhscolaíochta agus tá polasaithe agus modhanna oibre oiriúnacha aige le haghaidh cosaint leanaí. Is léir ó fhianaise na cigireachta go dtugann an fhoireann an-chúram do leas na bpáistí agus go gcuireann siad na polasaithe agus na modhanna oibre i bhfeidhm go héifeachtach.

4. Tá sé le feiceáil go bhfuil rún daingean ag an ionad réamhscolaíochta nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn i measc na bpáistí Bíonn deiseanna rialta ag na páistí bheith páirteach i roinnt gníomhaíochtaí súgartha coirp. Is gá cur leis an dul chun cinn a dhéantar sa súgradh coirp agus sna deiseanna foghlama amuigh faoin spéir.

5. **Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an t-ionad:**

- Tá atmaisféar comhbhách spreagthach foghlama a bhfuil cuspóir leis san ionad. Bíonn caidreamh an-mhaith idir dhaoine ag gach leibhéal. Ullmhaíonn an fhoireann an seomra súgartha agus an háiteanna súgartha coirp taobh istigh go cúramach. Baineann na páistí sult as tréimhsí fada súgartha agus bíonn dea-iompar an-mhaith ar siúl acu.

- Tá socruithe éifeachtacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ann le heolas a roinnt le tuismitheoirí faoi dhul chun cinn agus faoi fhorbairt na bpáistí. Spreagtar na tuismitheoirí le húsáid a bhaint as an chóras chun leabhair a fháil ar iasacht do na páistí.

- Bíonn seisiúin fhada diansúgartha bhuain ann mar chuid den chlár ama laethúil. Is maith a chomhoibríonn na páistí lena chéile agus iad ag foghlaim ardscileanna féinriar agus neamhspleáchais go héifeachtach.

- Tá clár leathan cothrom ann ina dtugtar deiseanna maithe foghlama do na páistí i ngach ceann de shé réimse an churaclaim réamhscoile. Tá an fhoireann ag déanamh oiriúnú éifeachtach ar mhodhanna pleanála agus measúnaithe Ardscóipe le tacaíocht a thabhairt d’oideachas lán-Ghaeilge na bpáistí.

- Bíonn a lán deiseanna maithe ag na páistí tréimhsí fada idirghníomhaíochta a bheith acu leis an fhoireann. Léiríonn na páistí go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha. Freagraíonn siad go maith do threoracha, d’orduithe agus do

cheisteanna oscailte ón fhoireann le linn dóibh bheith ag súgradh. Léiríonn an fhoireann go bhfuil siad inniúil go maith ar labhairt na Gaeilge. Tá siad sciliúil agus iad ag freagairt go cuí do na páistí a thugann freagraí i mBéarla.

- Bíonn a lán deiseanna maithe ag na páistí forbairt mar fhoghlaimeoirí muiníneacha. Spreagann an fhoireann na páistí go héifeachtach le roghanna a dhéanamh agus le bheith lán samhlaíochta. Tá fianaise láidir ann go bhfuil forbairt teanga, phearsanta, shóisialta agus mhothúchánach ar siúl.

- Tá rún daingean ag an Cheannaire soláthar maith a chur ar fáil agus is riarthóir maith í agus is eiseamláir mhaith le leanúint sa seomra súgartha í fosta. Cothaíonn sí atmaisféar dearfach san ionad agus spreagann sí an fhoireann go héifeacht le bheith ag obair mar mheitheal. Tá na baill foirne freagrach as forbairt a ngairme féin agus tá siad sciliúil ina gcuid oibre leis na páistí.

6. Níl ach tús á chur le forbairt féinmheastóireachta an ionaid. Chun an phróiseas sin a fhorbairt tá tacaíocht is éifeachtaí agus is buaine de dhíth ón saineolaí oideachais luath-óige. Lena chois sin, caithfidh an grúpa bainistíochta a chinntiú go gcoinneofar polasaithe agus modhanna oibre an ionaid faoi athbhreithniú agus go gcoinneofar oiliúint na foirne i gcosaint leanaí cothrom le dáta go rialta. Is i gcomhar lena chéile a dhéanann an fhoireann an phleanáil agus tá tuiscint mhaith acu le chéile ar an fhoghlaim atá le cur chun cinn agus ar an dul chun cinn a dhéanfar inti i rith na bliana. Úsáidtear na meastóireachtaí rialta agus na taifid mhionsonraithe a dhéantar ar na measúnachtaí ar dhul chun cinn na bpáistí chun a chinntiú go bhfuil dlúthmheaitseáil idir an phleanáil agus riachtanais na bpáistí.

7. Tá láidreachtaí móra sa chuid is mó den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Aimsíodh sa chigireacht mionréimsí atá le feabhsú agus a bhfuil sé i gcumas an ionaid réamhscolaíochta tabhairt fúthu.

Déanfaidh an Cigire Ceantair faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta sna réimsí atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk